Fianaise ó Olga Kikou, eagraí de chuid an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh *End the Cage Age*

Dia duit! Is mise Olga Kikou, duine díobh siúd a d'eagraigh ceann de na tionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh ar éirigh leis, tar éis breis agus 1.6 milliún síniú a bhailiú agus an tairseach a bhaint amach i 21 Bhallstát.

Ón taithí atá faighte againn, táimid tar éis dhá cheacht a fhoghlaim maidir le sínithe a bhailiú.
Ceann amháin acu ná nach mór gréasán ar féidir brath air a fhorbairt, gréasán daoine agus eagraíochtaí a thacaíonn le do chúis. An dara ceann ná go gcaithfidh tú an-aird a thabhairt ar d'fheachtas ar líne.

Ceann de na chéad rudaí a chinneamar a dhéanamh ná an gréasán seo a fhorbairt. Ar deireadh, d'éirigh linn tuairim is 170 cónaidhm agus eagraíocht ar fud na hEorpa a mhealladh agus gheall siad go scaipfeadh siad an scéal iad féin. An-toradh ab ea é seo, ach bhain a lán pleanála agus oibre leis ónár dtaobhna de freisin.

Rud atá an-tábhachtach sa lá atá inniu ann ná go mbailítear an chuid is mó de na sínithe ar líne seachas i scríbhinn. Sin rud atá tar éis athrú le himeacht na mblianta.
San am atá thart, bhain gné láidir phoiblí leis an bhfeachtasaíocht, rud a tharla lasmuigh go mór mór i gcearnóga na mbailte, ar na sráideanna agus teagmháil á déanamh leis na daoine go díreach; tá sé sin tar éis athrú faoin am seo, agus bhí orainne athrú freisin dá bhrí sin.
Tá na meáin shóisialta ina n-uirlis an-tábhachtach chun an scéal a scaipeadh, ar an gcéad dul síos, agus
thairis sin, chun sínithe a bhailiú.

D'fhoghlaimíomar ceacht tábhachtach maidir le rannpháirtíocht oibrithe deonacha. Táimid ag brath ar oibrithe deonacha. Ní mór dúinn oibrithe deonacha a bheith againn ar fud na hEorpa. Ní uirlis náisiúnta amháin atá sa Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh ach is uirlis de chuid an Aontais é freisin. Ní mór dúinn, dá bhrí sin, a bheith i láthair in go leor tíortha agus, ar ndóigh, ní féidir linn é seo a dhéanamh gan oibrithe deonacha – is é sin saoránaigh ar spéis leo an tsaincheist agus a thógfaidh idir lámha í agus a scaipfidh an scéal ina dtír dhúchais féin.

Ón uair a thosaíomar ar na sínithe a bhailiú agus le linn phróiseas an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh, chonaiceamar go mbíonn brú mór ann ar dtús nuair a bhíonn cuid mhaith saoránach ag iarraidh síniú; ina dhiaidh sin, áfach, tar éis míosa b'fhéidir,
nó tar éis dhá mhí nó trí mhí, bíonn claonadh ann go dtagann laghdú ar na huimhreacha, mar sin bíonn ort a bheith réidh chun aghaidh a thabhairt air seo agus cuimhneamh ar uirlisí eile agus ar bhealaí eile chun borradh a chur faoi líon na sínithe arís.

Ba mhaith liom a chur in iúl go mbaineann próiseas casta le bheith bainteach le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh agus le tús a chur le tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh mar eagraí. Teastaíonn cuid mhaith ama agus a lán daoine ag obair le chéile. Níor mhaith liom, mar sin, a chur ina luí ar dhaoine gur rud furasta é le déanamh. Ní hea, go deimhin! Tá sé

deacair go leor, teastaíonn a lán ama agus go leor pleanála;  agus teastaíonn a lán daoine. Fiú má tá smaoineamh maith ag duine, ní leor an smaoineamh sin leis féin chun an beart a dhéanamh mura bhfuil a gcroí istigh ann ag daoine eile agus mura bhfuil siad tiomanta é a chur i gcrích.

Tá an Fóram tar éis tarlú ag am rímhaith, óir tá taithí againn ar roinnt tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh cheana féin agus d'éirigh le cuid mhaith acu. Tá go leor daoine ann, mar sin, ar féidir leat brath orthu chun do thionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a phlé, ar féidir foghlaim ón taithí a bhí acu, agus ar féidir leo féachaint ar an obair atá amach romhat agus cabhrú leat í a phleanáil. Tá go leor daoine ann, go leor saoránach a ghlac páirt ghníomhach i dtionscnaimh Eorpacha ó na saoránaigh, agus ina theannta sin tá go leor eagraithe ann, agus is féidir brath
orthu chun eolas a chur ar fáil duit. Próiseas foghlama atá ann mar sin, ina mbíonn duine ag foghlaim ón méid a tharla san am a chuaigh thart fad a bhíonn sé ag pleanáil freisin don mhéid atá le teacht. Má fhoghlaimíonn tú ón taithí seo atá ag daoine eile, má éisteann tú leo, agus má bhíonn tú in ann ceisteanna a chur freisin, beidh bunús maith leat maidir le tús a chur le do thionscnamh Eorpach féin ó na saoránaigh.

Mar sin, bí rannpháirteach linn san Fhóram! Pléimis do chuid pleananna, féachaimis cad a theastaíonn uait a dhéanamh, agus foghlaimímis óna chéile! Táimid ag tnúth le bheith ag obair leat amach anseo!